Builín Blasta
CAFE | BAKERY | RETAIL

# BIACHLÁR AN BHUILÍN BLASTA

Eolas tábhachtach:

Ordú do ochtar an líon is lú d'aon mhias ar bith.
Ní mór ordú lónadóireachta a dhéanamh trí lá, ar a laghad, roimh lá na hócáide.
Inis dúinn, le do thoil, faoi riachtanais cothaithe ar bith a bhaineann le d'ordú.
Is féidir linn freastal ar éadulaingt ar ghlútan, ach ní féidir linn a gheallúint go mbeidh an bia a chuirtear ar fáil go hiomlán saor ó ghlútan.
Is féidir iarratais speisialta a phlé, ach seans go mbeidh costas breise i gceist le pleanáil agus obair bhreise a ghlanadh.
Clúdaíonn an costas seo córas féinfhreastail. Má tá freastalaithe ag teastáil, is féidir é seo a phlé agus beidh costas breise i gceist.
Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag manager@builinblasta.com má tá tú ag iarraidh ordú lónadóireachta a chur isteach. Más féidir leat do chuid sonraí teagmhála a sheoladh ar aghaidh, chomh maith le sonraí na hócáide - dáta agus líon na ndaoine a bheidh ag freastal – déanfaidh muid teagmháil leat go luath.

F = feoilséantóir FF= veigeán

**Bricfeasta Blasta**
*Roghnaigh 3 mhias*
*€12 in aghaidh an duine, tá tae agus caife san áireamh*

- Scónaí le him baile & subh
- Rogha arán le him baile & subh
- Briogún torthaí úra
- Leite thar Oíche Veigeán le risíní & síolta puimcín
- Potaí Íogairt Gréagach/Potaí Gránóla le Torthaí Úra
- Trinsiúr na Mór-Roinne le feoil, cáis, arán agus anlann goinbhlasta
- Béigeal Bácáilte le cáis uachtair, cáis chéadair, bagún agus scailliúin
- Rollóga Ispíní le hanlann goinbhlasta, oinniún dearg agus tráta baile
- Rollóga Ispíní Veigeánacha le seatnaí anainn agus sillí

**Sos Lóin**
Sailéid:
Roghnaigh 2 mhias
€7 in aghaidh an duine

- Sailéad glas le síolta tóstáilte & anlann baile

- Sailéad Gréagach le cáis *feta* agus ológa *Kalamata*
- Sailéad collchnónna, brocailí agus trátaí silín
- Sailéad oráiste agus finéil le duilleoga ruachán
- Slá Ildaite le Blastán "*Green Goddess*"
- Sailéad Cáil, Monóige agus Gallchnó (FF)
- Sailéad *Laboush* Liobánach le crouton crústúil agus anlann balsamach (FF)
- Sailéad Fata Gearmánach le Soilire, Gircín agus maonáis oinniúin deataithe an Bhuilín Blasta

**Foirfe le roinnt**

- Toirtín *Filo* Domhain (feiliúnach do ochtar) €6.50 an duine:
    - Glasraí Rósta & cáis *feta* le luibheanna úra
    - Liamhás & Céadar Aosaithe le Síobhas
    - Piseanna, Cainneann agus Fataí le Gruyere
- Toirtín Puth-Thaosrán le Trátaí Silín, Cáis Ghabhair Oileáin Árann, Gallchnónna rósta, Ruachán agus glónra balsamach (feiliúnach do ochtar) €5 an duine
- Toirtín Puth-Thaosrán le Trátaí Silín, Bliosáin, Ológa, Cáis Ghabhair agus Liamhás *Parma* (feiliúnach do ochtar) €6 an duine
- Trinsiúr Ceapaire le Liamhás, Turcaí, *Falafel* Baile, Humas, Picilí Baile, Trátaí, Leitís, Céadar, Cáis *Emmenthal* le rogha arán agus anlann €7.50 an duine
- Trinsiúr *Crudité* le rogha glasraí, brioscóga, arán le dipeanna agus anlainn €7 an duine
- Trinsiúr Bia Mara le iasc úr, áitiúil agus deataithe le cáca baile €14 an duine

**Trinsiúr Ceapairí**
*Rogha de cheapairí úra*
*€7 an duine*
*Roghnaigh 3 cinn:*
Liamhás agus Céadar Aosaithe le Maonáis Oinniúin Deataithe
Turcaí agus Cáis *Brie* le Trátaí agus Anlann Mónóige
Humas agus Piobar Rósta le Ruachán (FF)
Cáis *Brie* le Seatnaí Anainn agus Sillí agus Ruachán (F)
Ceapaire Sailéad Sicín le Leitís & Maonáis Oinniúin Deataithe
Ceapaire Sailéad Tuinnín le Gircín agus Soilire
Fillteog Sailéad *Caesar* le Trátaí agus Cáis *Parma*
Bagún, Trátaí, Abhacád agus Leitís le Maonáis Oinniúin Deataithe

**Bia Te**
*Tagann chuile mhias le rogha sailéid nó mias tionlacain te*
Muiceoil Liomóide & Tíme agus Briogúin Glasraí le *Tzatiziki* (€13 an duine)
*Haloumi* Liomóide & Tíme agus Briogúin Glasraí (€12 an duine)
Briogúin Uaineoil *Kofta* le *Tzatiziki* agus Humas (€13 an duine)
Pióg an Aoire Traidisiúnta (€14 an duine)
Pióg an Aoire Lintile Veigeánach (€13 an duine)
Curaí Sicín agus Cnó Caisiú (€13.5 an duine)
*Tagine* Veigeánach le Fataí, Cóilis, Sicphiseánaigh agus Spionáiste (€12 an duine)
*Chilli Con Carne* '3 Phónaire' le Criospaí *Tortilla*, Céadar, Scailliúin agus Uachtar Géar (F) (€13 an duine)
*Tagine* Uaineola Maracaí le hAibreoga agus Almóinní Rósta (€14 an duine)
Lasáinne Mairteola Baile (€12 an duine)
*Stroganoff* Muiceola le Beacáin Fhiáine (€12.50 an duine)
Bradán Orgánach Bácáilte le glasraí agus Anlann Lus Mín (€20 an duine)

**Mias Tionlacain**
*Roghnaigh ceann le gach mias te*
*Tá €5 ar mhias tionlacain sa bhreis*

Rís Galstofa
Fataí Brúite
Mionfhátaí Rósta Spíosraithe
Rís Líomóide le Luibheanna Úra
*Bok Choi* Sótáilte le Soighe, Sillí agus Almóinní
Pónairí Glasa le Líomóid agus Almóinní Rósta
Cúscús le Mónóga Triomaithe agus Luibheanna Úra

**Greamanna Milse**

- Briogúin Torthaí Úra €3 an ceann
- Trinsiúr do Ghreamanna Milse ó Bhácús an Bhuilín Bhlasta (braitheann seo ar bhiachlár an bhácúis ar aon lá ar leith) €4.50 an duine (3 cinn an duine)
- Rogha Brioscaí €3.50 an duine (2 bhriosca in aghaidh an duine)
- Rogha Toirtíní Aonair €4.50 an toirtín
    - líomóid, seacláid collchnónna, mionbhruar úll
- Pavlóva le Torthaí Úra Aonair €4 an ceann
- *Posset* Líomóide Aonair €4 an ceann
- *Eaton Mess* Aonair €4 an ceann
- *Tiramisu* Aonair €5 an ceann
- Pota Múis Seacláide Veigeánach le Collchnónna €4.50 an ceann
- Toirtín *Bakewell* Iomlán (feiliúnach do 10-12) €30
- Cáca Citris Túinéiseach (saor ó ghlútan) (feiliúnach do 10-12) €35
- Cáca Líomóide Veigeánach Iomlán (feiliúnach do 12) €35
- Cáca Cáise Torthaí Séasúracha Iomlán (feiliúnach do 12-14) €45
- *Tiramisu* Iomlán (feiliúnach do 12-14) €50

**Cácaí ar Leith**
Má tá cáca ar leith ag teastáil uait, nó má tá tuilleadh eolais ag teastáil, is féidir sracfhéachaint a thabhairt ar ár suíomh idirlín.

**Greamanna do Ghasúir**
(€8 an duine)
Lasáinne Baile
*Goujon* Sicín agus Sceallóga
Buaf i bPoll le Súlach
Curaí Séimh Sicín Le Rís

**Deochanna Neamh-Mheisciúla**
Tae & Caife
€2.50 an duine
Uisce Socair/Uisce Súilíneach
€2 an ceann
*San Pelegrino* Súilíneach (Oráiste/Líomóid/Seadóg)
€2.50 an ceann
*All About Kombucha* (Sú Craobh/Líomóid & Sinséar)
€4 an ceann

**Fíon/Beoir**
Is féidir linn roghanna fíona/beorach a phlé ach ceist a chur.

**Imeachtaí Corparáideacha**: is féidir teagmháil a dhéanamh linn má tá ceisteanna agat faoi Imeachtaí ar nós ranganna cócaireachta, ócáid bhlaiseadh fíona, agus go leor eile nach iad.